Eispéireas foghlama 24: Is féidir liom é a dhéanamh as mo stuaim féin!

Téama: *Folláine agus Leas*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 2

Aoisghrúpa: Mamailínigh

Suíomh: Seisiún naíonra

Tá pairilis cheirbreach ar Christy (beagnach 3 bliana d'aois). Is é an Béarla máthairtheanga a thuismitheoirí. Teastaíonn uathu go bhfaighidh Christy an deis Gaeilge a fhoghlaim mar dhara teanga ionas gur féidir leo socrú a dhéanamh go bhfreastalóidh sé ar naíonra áitiúil.

Sa naíonra bailíonn an fhoireann eolas ar bhonn laethúil faoi gach leanbh agus baineann úsáid as an eolas seo chun pleanáil agus tacú leis/léi. Is cainteoir dúchais í Niamh, Oibrí Bunriachtanach Christy. Baineann sí úsáid as geáitsí aghaidhe, agus as noda neamhbhriathartha eile chun cuidiú leis tuiscint a fháil ar an nGaeilge de réir mar a úsáideann sí an teanga chun cumarsáid a dhéanamh leis. Tá aithne mhaith ag Niamh ar Christy. Tuigeann sí céard is féidir leis a dhéanamh, cad iad na rudaí atá dúshlánach dó, agus tuigeann sí a thuiscint ar fhocail agus ar fhrásaí as Gaeilge. Díríonn Niamh ar chuidiú leis réimse scileanna a fhorbairt – scileanna teanga san áireamh. De réir mar a théann foghlaim Christy chun cinn, bíonn Niamh ann chun tacú leis agus cuireann deiseanna ar fáil dó i leith a bhfuil ar siúl aige. Cuireann sí ceist air i gcónaí sula ndéanann sí rud ar a shon mar go bhfuil sé ag éirí níos neamhspleáiche gach lá. Lá ar leith d'fhiafraigh sí de an raibh cúnamh uaidh ag bailiú na mbloc ón urlár mar go mbíonn sé deacair air uaireanta greim a bhreith ar rudaí. Dúirt Christy os ard, No, mise é. D'aithin Niamh gur theastaigh uaidh a bheith ag obair as a stuaim féin agus rinne aithris air chun cuidiú leis lena fhoclaíocht agus lean ghramadach, ***Déanfaidh mise é mé féin.*** Thug sí an t-am do Christy chun an tasc a dhéanamh agus thacaigh leis, mar go raibh gá tréaniarracht chun na bloic go léir a chur sa bhuicéad. Ghlac Niamh grianghraf de Christy in aice na mbloc, chlóigh amach an grianghraf agus chuir é ar taispeáint ar an mballa leis an abairt faoina bhun, *Christy ag glanadh suas.* Ar an Aoine thaispeáin Christy é dá dhaideo nuair a tháinig sé chun é a bhailiú.

?

Ábhar Machnaimh: An dtugaim dóthain ama agus spáis do leanaí chun a spriocanna foghlama féin a shocrú?